



Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA 2018

CUNTASAÍOCHT – ARDLEIBHÉAL

(400 marc)

DÉ LUAIN 18 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA 2.00 – 5.00

Tá an páipéar seo leagtha amach ina 3 Roinn:

Roinn 1: Cuntasaíocht Airgeadais (120 marc).

Tá ceithre cheist sa roinn seo (Uimhir 1 - 4). Tá 120 marc ag gabháil leis an gcéad cheist agus 60 marc an ceann ag gabháil leis na trí cheist eile.

Ba chóir d'iarrthóirí **CEIST 1 amháin** a fhreagairt NÓ tabhairt faoi **DHÁ** cheann ar bith de na trí cheist eile sa roinn seo.

Roinn 2: Cuntasaíocht Airgeadais (200 marc).

Tá trí cheist sa roinn seo (Uimhir 5 - 7). Tá 100 marc ag gabháil le gach ceist díobh. Ba chóir d'iarrthóirí **DHÁ** cheann ar bith de na ceisteanna a fhreagairt.

Roinn 3: Cuntasaíocht Bhainistíochta (80 marc).

Tá dhá cheist sa roinn seo (Uimhir 8 agus 9). Tá 80 marc ag gabháil le gach ceist díobh. Ba chóir d'iarrthóirí ceann **AMHÁIN** de na ceisteanna seo a fhreagairt.

Áireamhain

Is ceadmhach áireamhain a úsáid agus na ceisteanna ar an bpáipéar seo á bhfreagairt. Tá sé fíorthábhachtach go dtaispeánfar an t-oibriú amach s(n)a f(h)reagarleabha(i)r sa chaoi gur féidir creidiúint iomlán a thabhairt ar obair atá ceart.

ROINN 1 (120 marc)
Freagair **Ceist 1 NÓ DHÁ** cheist ar bith eile

1. Cuntais Deiridh Cuideachta agus Cuntas Déantúsaíochta san Áireamh

Tá caipiteal údaraithe de €900,000 ag Mac Aibhistín Teo., atá roinnte ina 600,000 gnáthscair ar €1 an ceann agus 300,000 scair thosaíochta 5% ar €1 an ceann. Baineadh an comhardú trialach seo a leanas as na leabhair ar 31/12/2017:

	€	€
Foirgnimh mhonarchan (costas €940,000)	900,000	
Gléasra agus innealra (costas €420,000)	255,000	
Iarmhéid brabúis agus caillteanais 01/01/2017		38,000
Díolacháin		1,400,000
Díol dramhábhar		5,100
Banc		43,600
Féichiúnaithe agus creidiúnaithe	62,000	49,400
Pá díreach monarchan	200,000	
Ceannach amhábhar	514,200	
Speansais díola	45,000	
Speansais riaracháin	59,200	
Forchostais ghinearálta mhonarchan (fionraí san áireamh)	91,400	
Stoic ar lámh 01/01/2017		
Earraí críochnaithe	43,100	
Amhábhair	41,500	
Obair idir lámha	38,200	
Bintiúir 8% (€50,000 a eisíodh ar 01/04/2017 san áireamh)		300,000
Díbhinní íoctha	27,500	
Scairchaipiteal eisithe - gnáthscaireanna		550,000
- scaireanna tosaíochta 5%		250,000
Fruiliú trealaimh speisialta	39,800	
Lasaine (glan)		8,000
Íocaíochtaí ríchíosa	26,900	
Cíos go 30/09/2017		9,000
Infheistíochtaí 4% a ceannaíodh ar 01/03/2017	330,000	
ÍMAT, ÁSPC & MSU		<u>20,700</u>
	<u>2,673,800</u>	<u>2,673,800</u>

Tá an t-eolas agus na treoracha seo a leanas le cur san áireamh:

- (i) Stoic ar láimh ar 31/12/2017:
- | | |
|---------------------|---------|
| Earraí críochnaithe | €68,100 |
| Amhábhair | €31,500 |
| Obair idir lámha | €40,200 |
- (ii) Tugadh faoi deara gur cuireadh earraí críochnaithe chuig custaiméir ar 31/12/2017 ar bhonn 'díola nó aischuir'. Rinneadh na hearraí seo a bhreacadh mar dhíolachán creidmheasa €17,500, sin uasmharcáil 25% dá gcostas.
- (iii) Tarlaíonn an figiúr fionraí toisc gur ceadaíodh lascaine €600 a iontráladh i gcuntas na bhféichiúnaithe amháin agus toisc gur iontráladh ceannacháin amhábhair ar cairde €6,000 ar an taobh mícheart de chuntas na gcreidiúnaithe.
- (iv) Baineadh an figiúr don bhanc sa chomhardú trialach as taifid na cuideachta. Ach léiríonn ráiteas bainc dar dáta 31/12/2017 rótharraingt de €33,300. Tháinig na míréitigh seo thíos chun solais nuair a cuireadh an cuntas bainc agus an ráiteas bainc i gcomparáid lena chéile:
1. Lóisteáladh seic €1,000 go díreach isteach i gcuntas bainc na cuideachta thar ceann féichiúnaí i dtaca le fiach a díscríobhadh roimhe seo. Is ionann seo agus 40% den bhunfhiach agus tá sé geallta ag an bhféichiúnaí go n-íocfar an chuid eile i mí Eanáir 2018.
 2. Íocadh cíós dlite ar 31/12/2017 go díreach isteach i gcuntas bainc na cuideachta.
 3. Ní raibh seic €6,300, a eisíodh chuig soláthraí, seachadta chun íoctha fós.
- (v) Déan soláthar d'ardú pá 5% a tugadh le déanaí le siardhátú chun na trí mhí ó 01/10/2017 a chlúdach.
- (vi) Le linn 2017 (Eanáir go Nollaig), thóg Mac Aibhistín Teo. síneadh lena dtrádstóras. Fostaithe de chuid na cuideachta féin a rinne an obair. Bhí costas a saothair siúd, €24,000 (sular tugadh an t-ardú pá), san áireamh i bpá na monarchan. Tógadh na hábhair, ar chostas €31,500, ó na stoic. Ní dhearnadh iontráil ar bith sna leabhair maidir leis an síneadh seo.
- (vii) San áireamh san fhigiúr do dhíol dramhábhair tá €3,000 a fuarthas ar sheanmheaisín a díoladh ar 30/06/2017. Chosain an meaisín seo €20,000 ar 01/04/2011.
- (viii) Déan soláthar in aghaidh dímheasa mar seo a leanas:
- Gléasra agus innealra ar ráta bliantúil 10% dá gcostas ón dáta ar ceannaíodh iad go dtí an dáta ar díoladh iad.
- Foirgnimh ar 2% dá gcostas ar 31/12/2017. Tá dímheas ar fhoirgnimh le roinnt, 75% don mhonarcha agus an chuid eile do riarachán oifige.
- (ix) Ba chóir soláthar a dhéanamh dóibh seo a leanas:
1. Ioncam infheistíochta dlite agus ús dlite ar bhintíúir.
 2. Soláthar in aghaidh drochfhiach a chruthú atá cothrom le 6% de na féichiúnaithe ar 31/12/2017.

Iarrtar ort:

- (a) Cuntas déantúsaíochta, trádála, brabúis agus caillteanais a ullmhú don bhliain dar críoch 31/12/2017. (75)
- (b) Clár comhardaithe mar a bhí ar 31/12/2017 a ullmhú. (45)
- (120 marc)**

2. Dímheas ar Shócmhainní Seasta

Ullmhaíonn lompár Uí Bhriain Teo. a gcuntais deiridh go dtí 31 Nollaig gach bliain. Is é polasaí na cuideachta a gcuid feithicilí a dhímheas ar ráta **15% dá gcostas sa bhliain**, á ríomh ón dáta ceannaigh go dtí an dáta diúscartha, agus an dímheas seo a charnadh i gcuntas soláthair in aghaidh dímheasa.

Ar 01/01/2016, bhí na feithicilí seo a leanas ag lompár Uí Bhriain Teo.:

Uimh. 1 a ceannaíodh ar 01/01/2012 ar €50,000

Uimh. 2 a ceannaíodh ar 01/03/2013 ar €66,000

Uimh. 3 a ceannaíodh ar 01/10/2014 ar €74,000

Ar 01/04/2016, tuairteáladh feithicil uimh. 3 agus trádáladh isteach í in aghaidh feithicil nua a chosain €86,000. Fuair an chuideachta €43,000 mar chúiteamh agus íocadh seic €65,000 ar an bhfeithicil nua.

Ar 31/07/2017, trádáladh isteach feithicil uimh. 1 ar €13,000 in aghaidh feithicil nua a chosain €90,000. Feistíodh aonad cuisnithe le feithicil uimh. 1 ar 01/01/2013 a chosain €22,000. Rinneadh an t-aonad cuisnithe seo a dhímheas ar ráta 30% dá chostas gach bliain don chéad dá bhliain agus ar ráta 15% dá chostas gach bliain as sin amach.

Iarrtar ort iad seo thíos, mar aon leis an oibriú amach, a thaispeáint do gach ceann den dá bhliain 2016 agus 2017:

- (a) Cuntas na bhfeithicilí. (6)
 - (b) An cuntas soláthair in aghaidh dímheasa. (32)
 - (c) An cuntas diúscartha feithicilí. (14)
 - (d) (i) Mínigh cad is brí le ‘dímheas’.
(ii) Déan idirdhealú idir modh an mhéid chothroim agus modh na hiarmhéide laghdaithe mar mhodhanna dímheasa. (8)
- (60 marc)**

3. Taifid Neamhiomlána

Ar 01/01/2017, cheannaigh T. Breatnach gnólacht ar €425,000 a chuimsigh na sócmhainní inláimhsithe agus na dliteanais seo a leanas: áitreabh €300,000, trealamh €30,000, stoc €22,600, féichiúnaithe €28,300, árachas 3 mhí réamhíoctha ar an áitreabh €4,800, creidiúnaithe trádála €25,400 agus pá dlite €800.

Le linn 2017 níor choinnigh Breatnach sraith iomlán cuntas ach bhí sé in ann an t-eolas seo a leanas a chur ar fáil don bhliain dar críoch 31/12/2017:

Íocaíochtaí Airgid: Lóisteálacha €141,000, speansais ghinearálta €43,200, ceannacháin €76,000.

Íocaíochtaí Bainc: Solas agus teas €11,500, préimh bhliantúil árachais ar an áitreabh €19,600, creidiúnaithe €47,000, ús €1,200, cíós do bhliain amháin €24,000, trealamh €12,000, buanordú do thabhartas carthanúil €2,000.

Lóisteálacha Bainc: Féichiúnaithe €52,000, airgead €141,000.

Gach seachtain i rith na bliana thóg Breatnach earraí dar luach €70 as an stoc agus airgead €90 le haghaidh speansais teaghlaigh.

Thóg Breatnach €120,000 ar iasacht ar 01/07/2017 chun áitreabh béal dorais a cheannach. Socraíodh go n-íocfadh Breatnach ús de réir ráta 6% sa bhliain. Bhí an ceathrú cuid den fhoirgneamh seo in úsáid mar áitreabh príobháideach. Tá an tsuim chaipitil le haisíoc trí chiste infheistíochta a bunaíodh. Tá ús €900 tuillte aige seo go dáta.

Mheas Breatnach gur chóir 20% den solas agus teas a úsáideadh chomh maith le 25% den ús iníoctha le haghaidh na bliana a chur i leith na coda príobháidí den áitreabh.

Bhain an figiúr don chíós le foirgneamh béal dorais a ghlac Breatnach ar cíós ar 01/08/2017. Bhí sé iníoctha roimh ré.

Tá dímheas le déanamh ar threalamh faoi úinéireacht ar 31/12/2017 ag ráta 14% dá chostas in aghaidh na bliana.

Ar shócmhainní agus dhliteanais an ghnólachta ar 31/12/2017 bhí: stoc €24,200, féichiúnaithe €23,400, creidiúnaithe trádála €18,200, airgead tirim €860 agus leictreachas dlite €1,300.

Iarrtar ort:

(a) Cuntas trádála, brabúis agus cailteanais don bhliain dar críoch 31/12/2017 a ullmhú. Taispeáin do chuid oibre. (52)

(b) (i) Mínigh cén fáth ar chóir do Bhreatnach taifid a choinneáil de na suimeanna a thógtar amach mar tharraingtí.
(ii) Mínigh an tábhacht do Bhreatnach a bhaineann le leabharchoimeád iontrála dúbailte. (8)
(60 marc)

4. Gnólacht Seirbhíse

Bhí siad seo a leanas ar shócmhainní agus dhliteanais M. Nic Conchobhair, dochtúir, ar 01/01/2017:

Lialann €160,000, trealamh €90,000, stoc soláthairtí leighis €8,000, infheistíochtaí 7% €70,000, creidiúnaithe do sholáthairtí leighis €10,400, troscán €30,000, suim €9,500 dlite ó scéim na gcártaí leighis, caipiteal agus cúlchistí €284,700, árachas réamhíochta €700.

Seo thíos cuntas fáltas agus íocaíochtaí don bhliain dar críoch 31/12/2017:

Cuntas Fáltas agus Íocaíochtaí don bhliain dar críoch 31/12/2017

Fáltais	€	Íocaíochtaí	€
Iarmhéid sa bhanc 01/01/2017	4,000	Ceannach soláthairtí leighis	20,600
Díol trealamh (costas €12,000)	6,000	Speansais ghlantacháin	3,200
Scéim na gcártaí leighis	72,000	Árachas	2,400
Fáltais ó othair phríobháideacha	40,750	Urraíocht ar dhuais de chuid an chumainn CLG áitiúil	2,000
Ioncam infheistíochta	3,500	Tarraingtí	37,000
		Solas agus teas	3,000
		Teileafón	8,450
		Pá an fháilteora	15,500
		Bannaí infheistíochta (ceannaithe 31/12/2017)	30,000
		Iarmhéid sa bhanc 31/12/2017	<u>4,100</u>
	<u>126,250</u>		<u>126,250</u>

Tá an t-eolas agus na treoracha seo le cur san áireamh:

- (i) Stoc soláthairtí leighis ar 31/12/2017 ná €8,300.
- (ii) San áireamh san fhigiúr do tharraingtí airgid tá €1,600 pá a íocadh le dochtúir ionaid ar choicís oibre agus iarrtar ort soláthar a dhéanamh do phá dlite 4 seachtainí sa bhreis air sin.
- (iii) Ní chuimsíonn figiúr an bhainc táillí bainc €120 agus seic obtha €150 a fuarthas ó othar príobháideach agus a lóisteáladh i mí na Nollag.
- (iv) Baineann 70% den solas agus teas agus teileafón leis an gcleachtas míochaine agus baineann an chuid eile le teach príobháideach.
- (v) Déan soláthar in aghaidh dímheasa mar seo a leanas:

Trealamh – 20% den chostas
Troscán – 15% den chostas
Lialann – 2% den chostas

Nóta: Tugtar sócmhainní seasta ag a gcostas agus tá 3 bliana dímheasa carntha acu go 01/01/2017. Is é an polasaí dímheasa ná dímheas iomlán bliana a ghearradh i mbliain a gceannaithe agus gan faic a ghearradh i mbliain a ndiúscartha.

- (vi) Is iad na táillí dlite ó scéim na gcártaí leighis agus ó othair phríobháideacha ná €9,100 agus €430 faoi seach. Creidiúnathe do sholáthairtí leighis ar 31/12/2017 ná €5,000.
- (vii) Baineann an íocaíocht árachais leis an mbliain dar críoch 01/05/2018.

Iarrtar ort:

- (a) Cuntas ioncaim agus caiteachais/brabúis agus caillteanais don bhliain dar críoch 31/12/2017 a ullmhú. (34)
- (b) Clár comhardaithe mar a bhí ar 31/12/2017 a ullmhú. (20)
- (c) Tá an Dr Nic Conchobhair ag cuimhneamh ar a córas teicneolaíocht faisnéise a uasghrádú agus beidh iasacht €150,000 de dhíth uirthi. Tabhair breac-chuntas ar na tosca ba chóir d'iasachtóir a chur san áireamh sula dtugtar an iasacht seo. (6)

(60 marc)

ROINN 2 (200 marc)
Freagair **DHÁ** cheist ar bith

5. Léirmhíniú Cuntas

Baineadh na figiúirí seo a leanas as cuntas deiridh RugadhleRith cpt, miondíoltóir i dtionscal na n-éadaí spóirt, don bhliain dar críoch 31/12/2017. Tá caipiteal údaraithe de €650,000 ag an gcuideachta atá comhdhéanta de 400,000 gnáthscair ar €1 an ceann agus 250,000 scair thosaíochta 8% ar €1 an ceann. Tá 350,000 gnáthscair agus 200,000 scair thosaíochta 8% eisithe ag RugadhleRith cpt cheana féin.

Cuntas Trádála, Brabúis agus Caillteanais don bhliain dar críoch 31/12/2017		Cóimheas agus eolas don bhliain dar críoch 31/12/2016	
	€	€	
Díolacháin		880,000	Tuilleamh in aghaidh na gnáthscaire 20c
Stoc tosaigh	60,000		Díbhinn in aghaidh na gnáthscaire 10c
Stoc deiridh	90,000		Cumhdach úis 6.3 huaire
Costais earraí díolta		(560,000)	Cóimheas mear 1.3:1
Speansais oibriúcháin don bhliain		(220,000)	Luach margaidh gnáthscaire amháin €1.60
Ús don bhliain		<u>(18,000)</u>	Toradh ar chaipiteal in úsáid 12.4%
Glanbhrabús don bhliain		82,000	Giaráil 41%
Díbhinní íoctha		<u>(45,000)</u>	Cumhdach díbhinne 1.3 uair
Brabús coinnithe		37,000	Toradh díbhinne 6.25 %
Iarmhéid brabúis agus caillteanais 01/01/2017		<u>43,000</u>	
Iarmhéid brabúis agus caillteanais 31/12/2017		<u>80,000</u>	

Clár Comhardaithe mar a bhí ar 31/12/2017		
	€	€
Sócmhainní Seasta		650,000
Infheistíochtaí (luach an mhargaidh 31/12/2017 €150,000)		<u>200,000</u>
		850,000
Sócmhainní Reatha	160,000	
Lúide Creidiúnaithe: suimeanna dlite laistigh de 1 bhliain amháin		
Creidiúnaithe trádála	<u>(80,000)</u>	<u>80,000</u>
		<u>930,000</u>
Maoinithe ag:		
Bintiúir 6% (faoi urrús 2024)		300,000
Caipiteal agus Cúlchistí		
Gnáthscaireanna @ €1 an ceann	350,000	
Scaireanna tosaíochta 8% @ €1 an ceann	200,000	
Iarmhéid brabúis agus caillteanais	<u>80,000</u>	<u>630,000</u>
		<u>930,000</u>

Is é luach gnáthscaire amháin ar an margadh ar 31/12/2017 ná **€1.35**.

(a) **Iarrtar ort iad seo a leanas a ríomh do 2017:** (déan an t-áireamh go dtí **dhá** ionad dheachúlacha de réir mar is cuí).

- (i) Ceannacháin airgid más é $2\frac{1}{2}$ mhí an tréimhse creidmheasa faighte ó chreidiúnaithe trádála.
- (ii) Toradh díbhinne.
- (iii) Cóimheas idir praghas agus tuilleamh.
- (iv) Toradh ar chaipiteal a úsáidtear.
- (v) Cumhdach úis.

(50)

(b) Cuir in iúl cé acu an mbeadh nó nach mbeadh na sealbhóirí bintiúr sásta le feidhmíocht agus staid reatha na cuideachta, agus lena bhfuil i ndán di amach anseo. Bain úsáid as cóimheasa agus eolas ábhartha eile chun tacú le do fhreagra. (40)

(c) Tá RugadhleRith cpt ag cuimhneamh ar fhairsingiú trí chuideachta bheag earraí spóirt a cheannach. Tá an t-eolas seo thíos faoin gcuideachta eile seo faighte acu:

	2014	2015	2016	2017
Tréimhse creidmheasa a cheadaítear d'fhéichiúnaithe	60 lá	54 lá	46 lá	40 lá
Tréimhse creidmheasa a fhaightear ó chreidiúnaithe	20 lá	26 lá	30 lá	34 lá
Láimhdeachas stoic	12 huaire	11 uair	9 n-uaire	6 huaire

Tar éis duit anailís a dhéanamh ar an eolas sa tábla thuas cén chomhairle a chuirfeá ar RugadhleRith cpt maidir leis an gceannachán seo?

(10)

(100 marc)

6. Cuntais Fhoilsithe

Tá scairchaipiteal údaraithe de €800,000 ag Caipiteal cpt, roinnte ina 600,000 gnáthscair ar €1 an ceann agus 200,000 scair thosaíochta 8% ar €1 an ceann. Baineadh an comhardú trialach seo a leanas as na leabhair ar 31/12/2017:

	€	€
Veaineanna seachadta ar a gcostas	280,000	
Veaineanna seachadta – dímheas carntha ar 01/01/2017		116,000
Infheistíochtaí 6% (ceannaithe 01/04/2017)	300,000	
Foirgnimh ar a gcostas	760,000	
Foirgnimh – dímheas carntha ar 01/01/2017		81,300
Ioncam infheistíochta		8,400
Féichiúnaithe agus creidiúnaithe	139,000	108,000
Stoc 01/01/2017	91,000	
Paitinn 01/01/2017	42,000	
Speansais riaracháin	205,000	
Costais dáileacháin	144,000	
Ceannacháin agus díolacháin	1,170,000	1,800,300
Carraeireacht isteach	6,600	
Aischuir isteach	20,300	
Ioncam ó chíosanna		28,000
Brabús ar dhíol talún		87,000
Díbhinní íoctha	55,000	
Banc	82,000	
CBL		34,200
Cuntas brabúis agus cailteanais ar 01/01/2017	42,500	
Caipiteal eisithe		
Gnáthscaireanna		600,000
Scaireanna tosaíochta 8%		120,000
Soláthar in aghaidh drochfhiach		28,500
Bintiúir 7% 2022/2023		300,000
Lascaine		39,000
Ús bintiúir íoctha	<u>13,300</u>	<u> </u>
	<u>3,350,700</u>	<u>3,350,700</u>

Baineann an t-eolas seo a leanas le hábhar:

- (i) Ba é an stoc ar 31/12/2017 ná €86,000.
- (ii) Ceannaíodh an phaitinn ar 01/01/2014 ar €63,000. Tá sí á hamúchadh thar 9 mbliana i dtráthchodanna cothroma. Tá an t-amúchadh seo le háireamh i gcostas na ndíolachán.
- (iii) Déan soláthar dóibh seo: ús bintiúir dlite, ioncam infheistíochta dlite, táillí iniúcháirí €16,000, táillí stiúrthóirí €32,000 agus cáin chorparáide €49,000.
- (iv) San áireamh sna costais dáileacháin tá fáltas €15,000 ar ríchíosanna paitinne.
- (v) Le linn na bliana, díoladh talamh taobh le háitreabh na cuideachta ar €167,000 agus a chosain €80,000 roimhe sin. Ag deireadh na bliana, d'athluacháil an chuideachta a cuid foirgneamh ar €850,000 agus is mian léi an luach sin a chuimsiú i gcuntais na bliana seo.
- (vi) Tá dímheas ar fhoirgnimh le soláthar ar ráta 2% in aghaidh na bliana de réir méid chothroim, agus le dáileadh mar 40% ar chostais dáileacháin agus 60% ar speansais riaracháin. Níor ceannaíodh ná níor díoladh foirgnimh le linn na bliana. Tá dímheas le déanamh ar veaineanna seachadta ar ráta 20% in aghaidh na bliana ar bhonn **iarmhéid laghdaitheach**.
- (vii) Tá iarfhostaí ag cur an dlí ar an gcuideachta ar bhonn dífhostú éagórach agus tá damáistí €100,000 á n-éileamh. Tá sé ráite ag comhairleoirí dlí na cuideachta nach móide go gcaithfear cúiteamh a íoc leis an iarfhostaí. Tá sonrasc táillí dlí do €5,000 faighte ag an gcuideachta nach mór soláthar a dhéanamh ina leith.
- (viii) Ar 31/12/2017, rinne Caipiteal cpt réamhchonradh le Stíobhard Teo. (cuideachta tógála) le síneadh lena n-áitreabh a thógáil ar chostas €400,000. Tá sé i gceist acu feabhsúcháin a dhéanamh ar an áitreabh reatha ar chostas €120,000.

Iarrtar ort:

- (a) Cuntas brabúis agus cailteanais foilsithe a ullmhú don bhliain dar críoch 31/12/2017 agus clár comhardaithe, mar a bhí ar an dáta sin de réir Achtanna na gCuideachtaí agus na gcaighdeán cuntasáíochta cuí, a thaispeánann na nótaí seo a leanas:
 - 1. Nóta ar bheartas cuntasáíochta faoi shócmhainní seasta inláimhsithe agus stoc
 - 2. Brabús oibriúcháin
 - 3. Díbhinní
 - 4. Nóta ar cheangaltais caiteachais chaipitiúil
 - 5. Sócmhainní seasta inláimhsithe. (90)
 - (b) Mínigh an tslí a gcosnaíonn iniúcháir leas na scairshealbhóirí. (10)
- (100 marc)**

7. Ceartú Earráidí agus Cuntas Fionraí

Níor réitigh comhardú trialach D. Uí Fhathaigh, úinéir garáiste, ar 31/12/2017. Iontráladh an difríocht i gcuntas fionraí agus ullmhaíodh an clár comhardaithe seo a leanas:

Clár Comhardaithe mar a bhí 31/12/2017

Sócmhainní Seasta	€	€	€
Áitreabh		500,000	
Mótarfheithiclí		35,000	
Trealamh		<u>24,000</u>	559,000
Sócmhainní Reatha			
Stoc		60,500	
Féichiúnaithe		10,800	
Airgead		<u>12,200</u>	
		83,500	
Creidiúnaithe: suimeanna dlite laistigh de 1 bhliain amháin			
Creidiúnaithe (fionraí san áireamh)	52,300		
Banc	18,400		
CBL	<u>7,500</u>	<u>78,200</u>	
Glansócmhainní reatha			<u>5,300</u>
Sócmhainní iomlána lúide dliteanais reatha			<u>564,300</u>
Maoinithe ag			
Caipiteal		550,000	
Glanbhrabús		<u>40,000</u>	
		590,000	
Lúide tarraingtí		<u>(25,700)</u>	<u>564,300</u>
			<u>564,300</u>

Nuair a seiceáladh na leabhair, thángthas ar na hearráidí agus na heasnaimh seo a leanas:

- (i) Iontráladh ardaitheoir gluaisteán a ceannaíodh ar cairde ar €4,000 ar an taobh mícheart de chuntas na gcreidiúnaithe. Ba é an t-aon iontráil eile a rinneadh sna leabhair dochair de €400 i gcuntas na gceannachán.
- (ii) Tugadh gluaisteán príobháideach D. Uí Fhathaigh dar luach €10,000 don ghnólacht le hathdhíol. Ní dhearnadh aon iontráil sna leabhair maidir leis an mbeart seo. Díoladh an gluaisteán seo níos déanaí ar cairde le féichiúnaí de chuid an ghnólaigh ar €10,000. Caitheadh leis an díolachán mar dhíolachán ar airgead.
- (iii) Chuir D. Ó Fathaigh gluaisteán ar ais, a bhí ceannaithe aige roimhe sin ar cairde ó sholáthraí ar €12,000, agus iontráladh an beart seo go hearráideach sna cuntais mhórlabhair chuí mar €1,200. Tháinig nóta sochair ó sholáthraí ina dhiaidh sin, áfach, ar a raibh táille athstocála de €200 chun costas an aiscuir a chlúdach. Ba é an t-aon iontráil a rinneadh maidir leis an nóta sochair seo ná iontráil sochair €11,800 i gcuntas an chreidiúnaithe.
- (iv) Fuarthas íocaíocht €500 ó F. Mac Pháidín, féichiúnaí, a ndearnadh a fhiach a dhíscríobh roimhe sin agus ar mian leis trádáil le D. Ó Fathaigh arís. Is ionann seo agus 80% den bhunfhiach agus tá sé geallta ag an bhféichiúnaí go n-íocfaidh sé an chuid eile den fhiach faoi Eanáir 2018. Ní dhearnadh aon iontráil sna leabhair.
- (v) Cheannaigh D. Ó Fathaigh earraí ar cairde ó Pháirteanna Gluaisteán Teo. ar €3,000 móide CBL @ 13.5%. Ní raibh d'iontrálacha sna cuntais ach gur breacadh an figiúr le CBL san áireamh ar thaobh an dochair sa chuntas trealamh agus gur breacadh an figiúr gan CBL ar thaobh an tsochair i gcuntas Pháirteanna Gluaisteán Teo.

Iarrtar ort:

- (a) Na ceartúcháin riachtanacha a iontráil sa leabhar cunta. (54)
- (b) An cuntas fionraí a thaispeáint. (6)
- (c) Ráiteas a ullmhú a thaispeánann an glanbhrabús ceartaithe. (14)
- (d) Clár comhardaithe ceartaithe a ullmhú. (20)
- (e) Breac-chuntas a thabhairt ar an bhfeidhm atá le cuntas fionraí. (6)

(100 marc)

ROINN 3 (80 marc)
Freagair ceist **AMHÁIN**

8. Luacháil Stoic agus Costáil Táirgí

(a) Luacháil Stoic

Is siopa miondíola é Uastún Teo. a cheannaíonn agus a dhíolann aon earra amháin. Baineann an t-eolas thíos le ceannacháin agus díolacháin an ghnólaigh don bhliain 2017:

Tréimhse	Ceannacháin ar Creidmheas	Díolacháin ar Creidmheas	Díolacháin ar Airgead
01/01/2017 - 31/03/2017	4,500 @ €8 an ceann	1,000 @ €10 an ceann	1,200 @ €12 an ceann
01/04/2017 - 30/06/2017	2,500 @ €7 an ceann	2,000 @ €11 an ceann	1,400 @ €13 an ceann
01/07/2017 - 30/09/2017	3,000 @ €6 an ceann	1,500 @ €13 an ceann	1,800 @ €10 an ceann
01/10/2017 - 31/12/2017	1,500 @ €5 an ceann	1,000 @ €12 an ceann	1,200 @ €11 an ceann

Ar 01/01/2017 bhí stoc tosaigh de 5,000 aonad ann @ €6 an ceann.

Iarrtar ort:

- Luach an stoic dheiridh a ríomh - úsáid modh 'Is túisce isteach/Is túisce amach' (FIFO).
- Cuntas trádála a ullmhú don bhliain dar críoch 31/12/2017.
- Mínigh an tslí a mbaineann coincheap na críonnachta le luacháil an stoic dheiridh.

(b) Costáil Táirgí

Is iad seo a leanas na sonraí a bhaineann le luachan jab ó Mhac an Tulaigh Teo.:

Ábhair Dhíreacha 70 kg @ €16 an kg

Uaireanta saothair dhirigh a caitheadh i ngach roinn:

Roinn	Uair
A	50
B	120
C	24

Is iad seo a leanas na figiúirí míosúla buiséadaithe:

Forchostais bhuiséadaithe				
Roinn	Athraitheach	Seasta	Ráta Pá in aghaidh na huaire	Uaireanta saothair
	€	€	€	€
A	20,000	22,000	15	500
B	18,000	23,000	26	1,000
C	21,000	42,000	34	1,400

Meastar gurb iad na forchostais riaracháin ghinearálta don mhí ná €55,100.

Iarrtar ort:

- Na rátaí ionsú forchostas athraitheach agus seasta a ríomh do gach roinn in uaireanta saothair dhírig.
- An ráta ionsú forchostas riaracháin a ríomh in uaireanta saothair dhírig.
- Praghas díolacháin an jab a ríomh má shocraítear an brabús ar 25% den phraghas díolacháin.
- Tabhair breac-chuntas ar ról an chuntasóra bainistíochta laistigh d'eagraíocht.

(80 marc)

9. Buiséadú Solúbtha

Déanann Ó Connalláin Teo. comhpháirt do thionscal na ríomhaireachta. Tá na buiséid sholúbtha seo a leanas ullmhaithe cheana féin do 60%, 75% agus 90% d'acmhainneacht na monarchan:

Leibhéil aschuir	60%	75%	90%
Aonaid	24,000	30,000	36,000
Costais	€	€	€
Ábhair dhíreacha	108,000	135,000	162,000
Tuarastail dhíreacha	124,800	156,000	187,200
Forchostais táirgthe	132,400	158,500	184,600
Forchostais eile	169,200	210,000	250,800
Forchostais riaracháin	<u>40,500</u>	<u>40,500</u>	<u>40,500</u>
	<u>574,900</u>	<u>700,000</u>	<u>825,100</u>

Tá an brabús buiséadaithe le bheith cothrom le 20% de na díolacháin.

(a) Iarrtar ort:

- (i) Na forchostais táirgthe a roinnt ina n-eilimintí seasta agus athraitheacha.
- (ii) Na forchostais eile a roinnt ina n-eilimintí seasta agus athraitheacha.
- (iii) Buiséad solúbtha a ullmhú do leibhéal gníomhaíochta 95%. Bain úsáid as prionsabail na costála imeallaí, agus léirigh an cion tairbhe.

(b) Glac leis go bhfuil Ó Connalláin Teo. ag feidhmiú ag 100% dá acmhainneacht faoi láthair agus go bhfuil sé ag cuimhneamh ar dhá rogha caiteachais chaipitiúil ar chostas €8,000 an ceann mar a leanas:

Rogha 1

Nuachóiriú an innealra a shábhálfadh €0.60 d'fhorchostais táirgthe in aghaidh an aonaid.

Rogha 2

Innealra nua a cheannach a d'ardódh acmhainneacht na monarchan de 10% agus a laghdódh na forchostais sheasta go léir (riarachán san áireamh) de 8%.

Iarrtar ort:

- (i) Ullmhaigh buiséid sholúbtha agus úsáid prionsabail imeallacha costála agus taispeáin an cion tairbhe don dá rogha agus na struchtúir chostais nua á gcur san áireamh agat.
- (ii) Cuir comhairle ar an gcuideachta maidir leis an rogha is fearr.

(c) Iarrtar ort:

- (i) Déan idirdhealú idir na téarmaí 'cion tairbhe' agus 'brabús'.
- (ii) Tabhair breac-chuntas ar cén fáth a n-ullmhódh Ó Connalláin Teo. buiséad solúbtha.

(80 marc)

Leathanach Bán